

**Tuarascáil ghníomhaíochta ar obair
Thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa
chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**



2021-2022

Clár na nÁbhar

1. Forbhreathnú ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.....	3
2. Struchtúir pharlaiminteacha don Chomhdháil	5
2.1. Toscaireacht na Parlaiminte chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (EP108).....	7
2.2. Toscaireacht na Parlaiminte chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (EP108).....	8
2.3. Toscaireachtaí chuig Meithleacha na Comhdhála (EP12)	9
3. Gníomhaíochtaí Thoscaireacht na Parlaiminte	11
Iarscríbhinn I: Rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gComhdháil agus eochairdhoiciméid eile	14
Iarscríbhinn II: Cruinnithe de Sheisiún Iomlánach na Comhdhála	15
Iarscríbhinn III: Cruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin	17
Iarscríbhinn IV: Cruinnithe na Toscaireachta chuig Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála (EP7)	20
Iarscríbhinn V: Cruinnithe na Toscaireachta chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (EP108)	23
Iarscríbhinn VI: Comhaltaí PE sa Toscaireacht chuig an gComhdháil.....	26
Iarscríbhinn VII: Comhaltaí PE sna Meithleacha Iomlánacha	30

1. Forbhreathnú ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

An 10 Márta 2021, shínigh na trí institiúid de chuid an Aontais, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus an Chomhairle, Dearbhú Comhpháirteach lenar bunaíodh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa mar ghníomh ón mbun aníos lenar féidir le saoránaigh na hEorpa a dtuairimí agus a smaointe a chur in iúl maidir le beartais agus feidhmiú an Aontais amach anseo. Bunaithe ar a n-ionchur, iarradh ar Sheisiún Iomlánach na Comhdhála, atá comhdhéanta de ghníomhaithe polaitiúla, lena n-áirítear na trí Institiúid mar aon le hionadaithe na bParlaimintí náisiúnta, saoránaigh, comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus eochairpháirtithe leasmhara eile, plé a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí chun treoraíocht a thabhairt don bhealach chun cinn don Eoraip amach anseo.



anseo.

10 Márta 2021, Parlaimint na hEorpa, an Bhruiséil
Shínigh Uachtarán Parlaimint na hEorpa, Uachtarán an
Choimisiúin Eorpaigh agus Uachtarán Chomhairle an
Aontais Eorpaigh an Dearbhú Comhpháirteach

Cuireadh tús oifigiúil leis an gComhdháil Lá na hEorpa, 9 Bealtaine 2021, agus ba é sin an tús le bliain inar reáchtáladh sraith díospóireachtaí agus pléití i dtaobh thodhchaí na hEorpa. Cuireadh roinnt uirlisí agus comhlachtaí ar bun chun an plé a éascú.

Sa **chéad céim** (ó dheireadh mhí Aibreáin 2021 go mí na Samhna 2021¹), eagraíodh painéil agus ócáidí náisiúnta saoránach agus [ardán digiteach idirghníomhach ilteangach](#) inar tugadh an deis do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí ó gach cearn den Eoraip smaointe a chur isteach ar líne, agus chabhraigh sé leo páirt a ghlacadh in ócáidí nó ócáidí a eagrú. Cuireadh a n-ionchur agus a gcuid smaointe i ngrúpaí de réir naoi dtéama i.e. an t-athrú aeráide agus an comhshaol; sláinte; geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist; an tAontas Eorpach sa domhan mór; luachanna agus cearta, an smacht reachta, slándáil; claochlú digiteach; daonlathas na hEorpa; imirce; oideachas, cultúr, an óige agus spórt.

Sa **dara céim** (ó lár mhí Mheán Fómhair 2021 go mí Feabhra 2022), cuireadh ceithre phainéal saoránach Eorpacha ar bun agus na naoi dtopaic ón Ardán á gcumhdach acu. Tháinig gach Painéal le chéile trí huair – uair amháin in Strasbourg, uair amháin ar líne agus uair amháin i bhFlórans, in Natolin, i mBaile Átha Cliath nó in Maastricht. Thionóil siad díospóireachtaí laistigh dá dtéamaí faoi seach, lena n-áirítear ionchur ón Ardán Digiteach, agus d'fhorghuainigh siad 178 moladh a ndéanfadh institiúidí an Aontais obair leantach ina leith.

Sa **tríú céim** (ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Aibreáin 2022), i gcomhthráth go páirteach leis an dara céim, phléigh Seisiún Iomlánach na Comhdhála na naoi dtopaic sin. Le linn na céime sin, cuireadh na smaointe agus an

¹Bhí an tArdán oscailte le glacadh le haighneachtaí ó thús deireadh thréimhse na Comhdhála. I lár mhí an Mhárta 2022, foilsíodh an tuarascáil dheireanach ón Ardán le cur faoi bhráid Sheisiúin Iomlánaigh na Comhdhála agus í le cur san áireamh go cuí i bpléití na Seisiúin Iomlánaigh.

t-ionchur ón Ardán agus ó na Painéil Saoránach faoi bhráid na bpléití a bhí ag Seisiún Iomlánach na Comhdhála agus cuireadh san áireamh sna pléití sin iad. An 28-29 Aibreán 2022, tar éis dianphléití, chuir Seisiún Iomlánach na Comhdhála 49 dtogra agus 326 bheart chun cinn arna ngrúpáil faoi na naoi dtéama.

Thug an Chomhdháil a cuid oibre chun críche an 9 Bealtaine 2022 le [tuarascáil](#) chuig na trí Institiúid ina n-áirítear na tograí agus na bearta nithiúla sin, agus tá scrúdú á dhéanamh ag na hInstitiúidí anois ar conas obair leantach



éifeachtach a dhéanamh orthu, gach ceann acu laistigh dá réimsí inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

An 9 Bealtaine 2022

thug an Chomhdháil a cuid oibre chun críche agus chuir sí an Tuarascáil ar na Torthaí Deiridh faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán an Choimisiúin agus Uachtarán na Comhairle

An 2 Nollaig 2022, ag ócáid Aiseolais a reáchtáladh i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, rinne institiúidí an Aontais agus os cionn 500 saoránach measúnú agus malartú tuairimí maidir leis an obair leantach ar thograí na Comhdhála.

Dírítear sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí seo ar obair Thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhdháil ó thús deireadh na tréimhse sin.

2. Struchtúir pharlaiminteacha don Chomhdháil

Bhí an Chomhdháil ag brath ar ailtireacht rialachais a dearadh go cúramach agus a ndearna na trí Institiúid caibidlíocht air. Leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an 10 Márta 2021, a shínigh triúr Uachtarán na nInstitiúidí, tugadh beocht don ailtireacht sin trí struchtúir oibre éagsúla. Ba é aidhm an leagain amach ionadaíocht chomhionann na dtrí institiúid Eorpacha a áirithiú. Is trí chomhthoil i measc na gceithre chomhpháirt (na trí Institiúid agus na Parlaimintí náisiúnta) a dhéanadh struchtúir na Comhdhála a gcuid cinní e.g. maidir le tuairisciú thorthaí na ngníomhaíochtaí éagsúla a rinneadh agus maidir leis an tuarascáil deiridh a chur faoi bhráid Uachtaránacht na Comhdhála.

Ag an mbarr, cuireadh an Chomhdháil faoi údarás na dtrí Institiúid, ag gníomhú dóibh mar **Uachtaránacht Chomhpháirteach na Comhdhála**, agus chuaigh Uachtarán Parlaimint na hEorpa, David Sassoli agus Roberta Metsola ina bun; na hUachtarán atá in oifig Uachtaránacht rothlach na Comhairle²; agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula Von der Leyen. Chun an próiseas a stiúradh, **ainmníodh triúr Comh-Chathaoirleach**, eadhon, Guy Verhofstadt, Feisire, thar ceann Parlaimint na hEorpa; an Leas-Uachtarán Dubravka Šuica thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh agus, i ndiaidh a chéile, Cathaoirleach rothlacha na Comhairle Gnóthaí Ginearálta Ana Paula Zacarias (an Phortaingéil), Gašper Dovžan (an tSlóivéin), Clément Beaune (an Fhrainc) agus Mikuláš Bek (Poblacht na Seice).

Tar éis an Dearbhú Comhpháirteach a ghlacadh, bhunaigh na trí Institiúid **Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála** chun maoirseacht a dhéanamh ar obair na Comhdhála agus chun cruinnithe agus conclúidí Sheisiún Iomlánach na Comhdhála a ullmhú. Bhí na trí Institiúid ina gcomhchathaoirligh ar an mBord Feidhmiúcháin agus iarradh air tuarascáil a thabhairt don Uachtaránacht Chomhpháirteach ar bhonn rialta. Chabhraigh **Rúnaíocht Chomhpháirteach**, ina raibh ionadaíocht chomhionann ar na trí Institiúid, leis an mBord Feidhmiúcháin.

I gceartlár obair na Comhdhála bhí **Seisiún Iomlánach** na Comhdhála. Ba é an cúram a bhí air a áirithiú go ndéanfaí díospóireacht ar na moltaí ó na painéil saoránach náisiúnta agus Eorpacha, arna ngrúpáil de réir téamaí, gan toradh réamhshocraithe a bheith ann. I gcomhréir le ceanglais an Dearbhaithe Chomhpháirtigh, bhí 449 gcomhalta den Seisiún Iomlánach ann, arna ngrúpáil i **gceithre chomhpháirt institiúideacha** agus na **saoránaigh**, arna roghnú go randamach ó gach cearn den Aontas.

Go sonrach, bhí ar áireamh ansin 108 n-ionadaí ó **Parlaimint na hEorpa** agus ó na **parlaimintí náisiúnta** faoi seach, chomh maith le 54 ionadaí ó **Comhairle na nAirí** agus 3 ionadaí ón **gCoimisiún Eorpach**,³ ar comhchéim. I measc na saoránach, d'fhreastail 80 ionadaí ó phainéil saoránach Eorpacha agus 27 (1 in aghaidh an Bhallstáit) ó phainéil saoránach náisiúnta nó ó ócáidí náisiúnta agus Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg. Ar deireadh, mar ionadaíocht ar an tsochaí sibhialta ann bhí 18 gcomhalta ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún agus 8 gcomhalta ó na Comhpháirtithe Sóisialta agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. An 19 Iúil 2021, thug an Bord Feidhmiúcháin cuireadh do 6 ionadaí thofa réigiúnacha agus do 6 ionadaí thofa áitiúla agus do 12 ionadaí comhpháirtíochta sóisialta (seachas 8 n-ionadaí a comhaontaíodh ar dtús) suí sa Seisiún Iomlánach.

² António Costa, Príomh-Aire na Portaingéile; Janez Janša, Príomh-Aire na Slóivéine; Emmanuel Macron, Uachtarán Phoblacht na Fraince; Petr Fiala, Príomh-Aire Phoblacht na Seice.

³ Ghlac comhaltaí eile den Choimisiún Eorpach páirt sa Seisiún Iomlánach, go háirithe nuair a pléadh nithe a bhain lena gcúraimí.



Tháinig Seisiún Iomlánach na Comhdhála le chéile 7 n-uaire idir Meitheamh 2021 agus Aibreán 2022, chomh maith le hócáid tionscnaimh níos foirmiúla a bhí ann an 9 Bealtaine 2021 agus searmanas clabhsúir a bhí ar siúl an 9 Bealtaine 2022 (féach Iarscríbhinn II). Roimh gach cruinniú den Seisiún Iomlánach, d’eagraigh na Grúpaí polaitiúla cruinnithe cácais dá dteaghlach pholaitiúla, agus iad i gceannas ar a socruithe féin.

Chun go bhféadfaí plé teicniúil níos struchtúrtha a dhéanamh idir rannpháirtithe an tSeisiúin Iomlánaigh, chinn an Bord Feidhmiúcháin naoi **Meitheal Iomlánacha théamacha** ad hoc a bhunú, a bhí ar aon dul le topaicí an Ardáin Dhigitigh. Bunaíodh na Meithleacha ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 ar aghaidh agus tháinig siad le chéile roimh Sheisiún Iomlánach na Comhdhála an 22 Deireadh Fómhair 2021. Bhí a gcuid oibre leagtha amach de réir na ‘dTéarmaí Tagartha’ a d’aontaigh na Comhchathaoirligh.⁴

Déanfar cur síos sna fo-ranna seo a leanas ar mhionsonraí rannpháirtíocht na Parlaiminte sna struchtúir oibre thuasluaite, agus go háirithe maidir le

- **Toscaireacht na Parlaiminte chuig Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála (‘EP7’)**
- **Toscaireacht na Parlaiminte chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (‘EP108’) agus**
- **Toscaireachtaí na Parlaiminte chuig Meithleacha na Comhdhála (‘EP12’).**

⁴ Faisnéis maidir leis na Meithleacha Iomlánacha ag an Ardán Digiteach
Ilteangach: <https://futureu.europa.eu/ga/pages/working-groups>

2.1. Toscaireacht na Parlaiminte chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (EP108)

Ar an mBord Feidhmiúcháin bhí triúr comhaltaí agus suas le ceathrar breathnóirí ó gach ceann de na trí Institiúid chomh maith le breathnóirí ó eochair-gheallsealbhóirí eile. Dá chionn sin bhí ionadaíocht ag grúpaí polaitiúla uile na Parlaiminte ar an mBord Feidhmiúcháin.

An 18 Márta 2021, cheap Comhdháil na nUachtarán sa Pharlaimint an triúr Feisirí agus ceathrar breathnóirí seo a leanas, arna n-ainmniú ag na grúpaí polaitiúla, chuig Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála (dá ngairtear ‘EP7’ go neamhfhoirmiúil):

Guy VERHOFSTADT (Renew Europe, BE)	Comhchatha
Manfred WEBER (EPP, DE)	Comhalta
Iratxe GARCÍA PÉREZ (S & D, ES)	Comhalta
Gerolf ANNEMANS (ID, BE)	Breathnóir
Daniel FREUND (na Glasaigh/EFA, DE)	Breathnóir
Zdzisław KRASNODĄBSKI (ECR, PL)	Breathnóir
Helmut SCHOLZ (An Chlé, DE)	Breathnóir



Chomh maith le heagrú obair inmheánach thoscaireacht Parlaimint na hEorpa, ina raibh 108 bhFeisire, ba é ról PE7 thar aon ní eile cinntí a stiúradh, a chomhordú agus a ghlacadh d’fhonn ionchur na Parlaiminte i gcruinnithe Chomhchathaoirligh na Comhdhála agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú, agus ag an am céanna a áirithiú go raibh toscaireacht na Parlaiminte chomh maith le húdaráis pholaitiúla na Parlaiminte rannpháirteach go cúí sa phróiseas sin.

Tháinig PE7 le chéile 18 n-uaire ón 24 Márta 2021 go dtí an 29 Aibreán 2022 (féach larscríbhinn IV le tuilleadh sonraí a fháil).

2.2. Toscaireacht na Parlaiminte chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála (EP108)

Bhí 108 bhFeisire ó na seacht ngrúpa pholaitiúla agus ó na Feisirí Neamhcheangailte i dtoscaireacht Parlaimint na hEorpa chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála. An 10 Meitheamh 2021, d'fhormhuinig Comhdháil na nUachtarán sa Parlaimint ainmneacha na 108 bhFeisire a ghlacfadh páirt i gcruinnithe Sheisiún Iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Áiríodh i dtoscaireacht PE seisear as seachtar ionadaithe agus breathnóirí na Parlaiminte chuig Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála agus bhí sí faoi cheannas Chomhchathaoirleach na Comhdhála ón bParlaimint, Guy VERHOFSTADT (Renew, BE).

Ghlac 108 ionadaí ó Parlaimint na hEorpa páirt i Seisiún Iomlánach na Comhdhála. Leithdháileadh suíocháin Sheisiún Iomlánach na Comhdhála mar seo a leanas idir na grúpaí polaitiúla ionas gur áirithíodh cothromaíocht fhoriomlán inscne laistigh den Toscaireacht:

EPP: 28

S&D: 23

Renew Europe: 15

Na Glasaigh/EFA: 11

ID: 11

ECR:9

An Chlé: 6

Feisirí Neamhcheangailte: 5



Tháinig an Toscaireacht le chéile roimh Sheisiúin Iomlánacha na Comhdhála chun rannchuidiú na Parlaiminte a ullmhú agus chun a seasaimh a fhoirmiú, ag tosú ón gcéad Seisiún Iomlánach an 18-19 Meitheamh 2021. **Tháinig an Toscaireacht le chéile 11 uair idir Meitheamh 2021 agus Aibreán 2022.**

I dtéarmaí riaracháin, bhí fáil ag an Toscaireacht ar thacaíocht airgeadais, theicniúil, ateangaireachta agus lóistíochta den chineál céanna a bhí ar fáil d'orgáin parlaiminteacha eile. Chabhraigh Rúnaíocht⁵⁵ le Toscaireacht PE agus a comhlachtaí gaolmhara; bhí an Rúnaíocht sin comhdhéanta de bhail foirne ón bParlaimint a bhí ar iasacht ó Ard-Stiúrthóireachtaí éagsúla na Parlaiminte, faoi choimirce an Leas-Ardrúnaí⁶, Markus Winkler. (Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chomhaltáí agus gníomhaíochtaí Thoscaireacht PE, féach larscríbhinn VI agus larscríbhinn VII).

⁵ Is iad na hoifigigh seo a leanas a bhí ar Rúnaíocht Thoscaireacht PE: Patricia Jimenez Lozano (Ceann Aonaid), Luis Balsells, Annemieke Beugelink, Lina Chahrour, M^a Teresa Conesa, Stefana Di Battista, Julia Ferger, Alexandros Karides, Anja Kunz, Vincent Stuer agus Mette Tonsberg

⁶ Thacaigh Ard-Stiúrthóireachtaí uile Parlaimint na hEorpa le hobair na Toscaireachta agus le heagrú na Comhdhála ina hiomláine le linn na tréimhse dhá bhliain.

2.3. Toscaireachtaí chuig Meithleacha na Comhdhála (EP12)

Bhí thart ar 50 comhalta i ngach ceann de na 9 Meitheal théamacha Iomlánacha, agus b'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa 12 acu. Bhí Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus na parlaimintí náisiúnta ina gcathaoirligh ar dhá mheitheal an ceann, agus bhí Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg ina chathaoirleach ar mheitheal amháin acu. Chabhraigh formáid na meithle chun leanúnachas phróiseas na Comhdhála idir na cruinnithe an tSeisiúin Iomlánaigh a áirithiú.



Bhí Manfred WEBER (EPP, DE) ina chathaoirleach ar an Meitheal Iomlánach 'Daonlathas na hEorpa' thar ceann Pharlaimint na hEorpa.

Maidir leis an bParlaimint, chomhaontaigh na Grúpaí polaitiúla comhdhéanamh ainmniúil na bhFeisirí sna Meithleacha, bunaithe ar chur chuige d'Hondt. Bhí comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, Manfred WEBER (EPP, DE) agus Iratxe GARCIA PÉREZ (S&D, ES), ina gcathaoirligh ar na Meithleacha 'Daonlathas na hEorpa'

Bhí Iratxe GARCIA PÉREZ (S&D, ES) ina cathaoirleach ar an Meitheal Iomlánach 'Geilleagar Níos Láidre, Ceartas Sóisialta, Poist' thar ceann Pharlaimint na hEorpa



agus 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta, poist' faoi seach.

Ina theannta sin, ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 amach, chomhaontaigh na Grúpaí Polaitiúla **grúpaí ullmhúcháin inmheánacha** a chur ar bun laistigh den Toscaireacht, agus iad ar aon dul leis na 9 Meitheal Iomlánacha a cruthaíodh le déanaí, agus comhordaitheoir PE a ainmniú le haghaidh gach ceann acu (féach an liosta in Iarscríbhinn VII).

Ba é an cúram a bhí ar na comhordaitheoirí, le cúnamh ó Rúnaíocht Thoscaireacht PE, cruinnithe ullmhúcháin chomhaltaí an 12 Mheitheal de chuid na Parlaiminte a chomóradh agus cathaoirleacht a dhéanamh ar a bpléití. Ina theannta sin, bhí siad le tuairisciú ó na cruinnithe ullmhúcháin sin agus ó na pléití ina Meitheal Iomlánach, chuig na 7 gcomhalta den Pharlaimint a bhí ar an mBord Feidhmiúcháin agus chuig Toscaireacht iomlán EP108 chuig an Seisiún Iomlánach.



Comhordaitheoirí EP12 i Meithleacha na Comhdhála (féach larscríbhinn VII)

3. Gníomhaíochtaí Thoscaireacht na Parlaiminte

Thionóil Toscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (EP108) **11 chruinniú** le linn phróiseas na Comhdhála chun plé a dhéanamh ar an ionchur a cuireadh ar fáil ó struchtúir na Comhdhála (Ardán Digiteach, Painéil, Cruinnithe Iomlánacha, Meithleacha etc.), chun seasamh tromlaigh na Parlaiminte a fhoirmiú agus chun cruinnithe an tSeisiúin Iomlánaigh a ullmhú.

Sa réamhchéim agus sa chéim níos imeachta den Chomhdháil, **ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2021**, tháinig PE108 le chéile faoi dhó.

Tionóladh a chruinniú bunaitheach an 14 Meitheamh 2021, inar mhalartaigh na Feisirí tuairimí maidir le modhanna oibre agus ról Thoscaireacht PE chuig Seisiún Iomlánach na Comhdhála, chomh maith leis an staid mar atá ó thaobh imeachtaí na Comhdhála a chur ar bun (i.e. an tArdán Digiteach a sheoladh an 19 Aibreán, a Rialacha Níos Imeachta a ghlacadh, an chéad Seisiún Iomlánach de chuid na Comhdhála an 19 Meitheamh a ullmhú, a Meithleacha a bhunú etc.).



An 3 Meán Fómhair 2021, ag an dara cruinniú a bhí aige, rinne PE108 a marana ar an staid mar atá agus dhírigh sé ar na Meithleacha Iomlánacha a chur ar bun agus a eagrú agus ar na Painéil Saoránach Eorpacha a sheoladh i mí Mheán Fómhair.

De réir mar a tháinig substaint sa phróiseas le linn an **dara céim** den Chomhdháil **ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go lár mhí an Mhárta 2022**, chuir comhlachtaí éagsúla na Comhdhála tús le hionchur a thabhairt maidir leis na naoi dtopaic. Tháinig EP108 le chéile seacht n-uaire le linn na tréimhse sin.

Ag an tríú cruinniú a bhí aige an 13 Deireadh Fómhair 2021, bhí malartú tuairimí ag na Feisirí leis na smaointeoirí ón gCruinniú Eorpach um an Óige (EYE) an 8-9 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an tuarascáil ar Smaointe na nÓg agus an 20 smaoinemh inti is mó a raibh tóir orthu. Phléigh siad freisin an staid mar atá sa Chomhdháil, go háirithe maidir leis na tuarascálacha eatramhacha ón Ardán agus maidir leis an toradh a bhí ar na chéad seisiúin de na Painéil Saoránach Eorpacha.

An 17 Samhain 2021, tháinig Toscaireacht PE108 le chéile den cheathrú huair chun plé a dhéanamh ar thopaicí

Phainéil Saoránach Eorpach 1 agus 2.⁷ Bhí an plé bunaithe ar réamh-ionchur a d’eascair as na topaicí sin agus a fuarthas ón Ardán Digiteach, ó na dara seisiúin de na Painéil Saoránach Eorpacha sin agus ón tuarascáil ar Smaointe na nÓg. Tugadh cuireadh freisin do na smaointeoirí ón gCruinniú Eorpach um an Óige (EYE) an 8-9 Deireadh Fómhair 2021 chuig an gcruinniú sin.

Sa chúigiú cruinniú dá chuid an 8 Nollaig 2021, lean Comhaltaí PE108 de scrúdú a dhéanamh ar na réamh-ionchuir sna topaicí ó Phainéil Saoránach Eorpacha 3 agus 4⁸ a d’eascair as an Ardán Digiteach, as na dara seisiúin de na Painéil sin agus as an tuarascáil ar Smaointe na nÓg. Tugadh cuireadh do chainteoirí seachtracha ó na Comhpháirtithe Sóisialta agus ón tSochaí Shibhialta agus do chomhaltaí den Seisiún Iomlánach tuairimí a mhalartú le Toscaireacht na Parlaiminte.

Ag an séú cruinniú a bhí aige an 12 Eanáir 2022, chuir PE108 tús lena mheasúnú ar na moltaí a d’eascair as Painéil Saoránach Eorpach 2 agus 3 a bhí ar siúl roimhe sin i bhFlórans an 10-12 Nollaig, agus in Natolin an 7-9 Eanáir.

An 9 Feabhra 2022, tháinig Toscaireacht na Parlaiminte le chéile den seachtú huair, an uair seo i gcomhpháirt le toscaireacht na bParlaimintí Náisiúnta, d’fhonn comhoibriú maidir le gné pharlaiminteach na Comhdhála, agus béim á leagan aige ar an ngá atá ann, ó thús deireadh na Comhdhála, an t-idirphlé agus an comhar le Parlaimintí náisiúnta an Aontais a chothú agus a neartú, go háirithe sna réimsí leasa choitinn sin atá faoi chuimsiú na Comhdhála.



I mí an Mhárta 2022, agus í ag dul isteach sna céimeanna deiridh den Chomhdháil (ó moltaí ó na saoránaigh go dtí na tograí ó Sheisiúin Iomlánacha na Comhdhála), lean Toscaireacht na Parlaiminte dá malartú rialta tuairimí ar thoradh na bPainéal Saoránach Eorpach chun seasamh na Parlaiminte a ullmhú roimh Sheisiúin Iomlánacha na Comhdhála.

Ag an ochtú cruinniú dá gcuid, an 2 Márta 2022, scrúdaigh na Feisirí moltaí Phainéil Saoránach Eorpach 1 agus 4 a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath an 25-27 Feabhra agus in Maastricht an 11-13 Feabhra.

An 16 Márta 2022, an teacht le chéile dó den naoú huair, d’éist PE108 le láithreoirreachtaí aiseolais ó naonúr Comhordaitheoirí na Parlaiminte arna n-ainmniú ag na Grúpaí Polaitiúla, maidir leis an staid mar atá ina Meithleacha Iomlánacha faoi seach agus maidir leis na cruinnithe ullmhúcháin comhfhreagracha a bhí ag an 12

⁷ Painéal 1 “Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist / Oideachas, cultúr, an óige agus spórt / Claochlú digiteach” agus Painéal 2 “Daonlathas na hEorpa / Luachanna, cearta, an smacht reachta, slándáil”.

⁸ Painéal 3 “An t-athrú aeráide, an comhshaol/sláinte” agus Painéal 4 “an tAontas Eorpach sa domhan/imirce”.

Fheisire i ngach ceann de na Meithleacha ('EP12').

Sa **chéim dheireanach** den Chomhdháil, **ó dheireadh mhí an Mhárta 2022 go mí Aibreáin 2022**, tháinig PE108 le chéile faoi dhó. Ag an deichiú cruinniú dá cuid, an 30 Márta 2022, d'ullmhaigh Toscaireacht PE108 na cruinnithe deiridh Iomlánacha trí athbhreithniú a dhéanamh ar éabhlóid thograí na Meithleacha. Ag an aonú cruinniú déag agus deireanach a bhí aici an 29 Aibreán 2022, **d'fhorhuigh Toscaireacht PE108 tograí uile na Comhdhála le tromlach mór** inar cuimsíodh cúig ghrúpa pholaitiúla.⁹ Chuir dhá ghrúpa pholaitiúla¹⁰ chomh maith le beirt Fheisirí aonair a dtuairimí mionlaigh in iúl.

Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi ghníomhaíochtaí Thoscaireacht PE108, féach larscríbhinn V, agus an suíomh gréasáin atá tiomnaithe dá cuid oibre:

<https://conference-delegation.europarl.europa.eu/ga/home>

⁹ EPP, S&D, Renew, na Glasaigh/EFA agus an Chlé.

¹⁰ ECR agus Grúpaí ID.

Iarscríbhinn I: Rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gComhdháil agus eochairdhoiciméid eile

Ghlac Parlaimint na hEorpa a chéad rún maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an **15 Eanáir 2020** ([2019/2990\(RSP\)](#)) agus tá seasamh Parlaimint na hEorpa maidir leis an gComhdháil ar áireamh sa rún sin. Ós rud é nach raibh seasamh glactha ag an gComhairle go fóill, d'éisigh an Pharlaimint an dara rún uaithi an **18 Meitheamh 2020** ([2020/2657\(RSP\)](#)), ag athdhearbhú a hiarrata ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún tabhairt faoi chaibidlíocht chun teacht ar chomhaontú maidir leis an gComhdháil a bhunú.

An **4 Bealtaine 2022**, ghlac Parlaimint na hEorpa an tríú rún ([2022/2648\(RSP\)](#)) maidir leis an obair leantach ar chonclúidí na Comhdhála. Sa rún sin, mhol an Pharlaimint, i measc nithe eile, i dteannta tograí reachtacha, gur gá athruithe Conartha (*inter alia* maidir le struchtúr institiúideach an Aontais a shimpliú, tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta sa phróiseas cinnteoireachta agus machnamh nua ar inniúlachtaí an Aontais) chun conclúidí na Comhdhála agus moltaí na saoránach a chur chun feidhme.

Sa cheathrú rún ([2022/2705\(RSP\)](#)) a glacadh an **9 Meitheamh 2022**, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh Coinbhinsiún ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí, agus chuir sí faoi bhráid na Comhairle, faoin ngnáthnós imeachta um athbhreithniú a leagtar síos in Airteagal 48 CAE, roinnt tograí chun na Conarthaí a leasú, mar obair leantach ar chonclúidí na Comhdhála. D'iarr an Pharlaimint go mbeadh an Coinbhinsiún sin comhdhéanta d'ionadaithe thar ceann na bparlaimintí náisiúnta, Chinn Stáit nó Rialtais na mBallstát, Parlaimint na hEorpa agus an Choimisiún, ag tabhairt dá haire gur ghá le roinnt de thograí na Comhdhála leasuithe a dhéanamh ar na Conarthaí agus gur cheart dá Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla tograí le haghaidh leasuithe ar na Conarthaí a ullmhú dá réir.

Maidir le tograí na Comhdhála, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá le conclúidí na Comhdhála agus ionchais na saoránach a thabhairt i gcrích trí bheith ag obair ar athruithe uailmhianacha ar chuid de na beartais is tábhachtaí de chuid an Aontais. Ghlac an Pharlaimint seasaimh chun tacú le saincheistanna a luadh i dtograí na Comhdhála, amhail deireadh a chur le vótáil aontoilíochta, athchóiriú an dlí toghcháin, liostaí trasnáisiúnta, córas na n-iarrthóirí tosaigh, é a bheith de cheart ag Parlaimint na hEorpa reachtaíocht a thionscnamh chomh maith le ceart fiosrúcháin, agus rannpháirtíocht agus comhairliúchán na saoránach. Níl seasamh oifigiúil glactha aici go fóill maidir le gach aon togra agus tá mionanailís á déanamh aici faoi láthair ar an obair leantach ar thograí na Comhdhála.

Maidir leis an sásra um rannpháirtíocht na saoránach ar leibhéal an Aontais, ghlac an Pharlaimint rún freisin ([2020/2201\(INI\)](#)) an **7 Iúil 2021** maidir le hidirphléití leis na Saoránaigh agus rannpháirtíocht na Saoránach i gcinnteoireacht an Aontais, inar leag sí béim ar a riachtanaí atá sé machnamh níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas a bheith níos éifeachtaí agus é ag oibriú i gcomhar le leis na saoránaigh, agus á chur in iúl go gcreideann sí gur cheart go mbeadh guth níos mó ag saoránaigh i gcinnteoireacht an Aontais, chun go mbeidh an tAontas ina léiriú níos fearr ar thuairimí na saoránach agus chun go mbeidh sé níos athléimní, níos daonlathaí agus níos éifeachtaí.

Iarscríbhinn II: Cruinnithe de Sheisiún Iomlánach na Comhdhála¹¹

Líon na gcruinnithe: 7

Dáta	Formáid	Lánas
19/06/2021	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Seisiún Iomlánach Tosaigh na Comhdhála ➤ Plé ginearálta ar chuspóir agus ar ionchais ➤ Faisnéis maidir leis an leagan amach (Ardán, Painéil agus Seisiún Iomlánach agus maidir leis an rún Meithleacha téamacha a bhunú
22-23/10/2021	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Faisnéis agus plé ar an staid mar atá sna ceithre Phainéal Saoránach Eorpacha ➤ Aiseolas agus láithreoireacht ó na hócáidí náisiúnta agus ó na Painéil ➤ Cur i láthair na tuarascála maidir le hÓige na hEorpa ➤ Ócáid (EYE) ➤ Plé maidir le hionchur ón Ardán, bunaithe ar an dara tuarascáil eatramhach
21-22/01/2022	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Cur i láthair na moltaí arna n-eascairt as na Painéil Saoránach Eorpacha agus Náisiúnta ➤ Díospóireacht de réir téama lenar cuimsíodh topaicí Phainéil Saoránach Eorpacha 2 agus 3
11-12/03/2022	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Cur i láthair na moltaí arna n-eascairt as na Painéil Saoránach Eorpacha agus Náisiúnta ➤ Díospóireacht de réir téama lenar cuimsíodh topaicí Phainéil Saoránach Eorpacha 1 agus 4
25-26/03/2022	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tús an phróisis chun tograí ón Seisiún Iomlánach a mhúnú, bunaithe ar mholtaí ó na saoránaigh ➤ Díospóireachtaí ar gach ceann de naoi dtopaic na Comhdhála ➤ Cur i láthair torthaí agus gealltanais ag ionadaithe na n-ócáidí náisiúnta
08-09/04/2022	Cruinniú hibrídeach, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Díospóireacht ar gach ceann de naoi dtopaic na Comhdhála Bailchríoch a chur ar na dréacht-

¹¹ Tuilleadh faisnéise faoi Sheisiún Iomlánach na Comhdhála: <https://conference-delegation.europarl.europa.eu/ga/plenary/plenary-meetings>

<p>29-30/04/2022</p>	<p>I bpearsa, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Cheap Seisiún Iomlánach na Comhdhála 49 moladh, bunaithe ar chomhthoil idir na ceithre chomhpháirt: Parlaimint na hEorpa, an ➤ Coimisiún, an Chomhairle agus na Parlaimintí Náisiúnta ➤ Chuir na saoránaigh a dtuairim chríochnaitheach maidir leis na tograí i láthair
-----------------------------	--	---

Iarscríbhinn III: Cruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin¹²

